



## Preasráiteas

Lucsamburg, 27 Deireadh Fómhair 2022

### ‘Doirse imrothlacha’: rialacha scaoilte ann i gcás ghníomhaireachtaí AE

Ba cheart do ghníomhaireachtaí an Aontais a gcuid rialacha agus rialuithe a dhéanamh níos doichte chun íoslághdú a dhéanamh ar an riosca go mbeadh coinbhleacht leasa ann nuair a ghlacann bainisteoirí agus daoine sinsearacha den fhoireann post san earnáil phríobháideach agus go gcuirfidís ionracas na n-institiúidí Eorpacha i mbaol, a deir Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (ECA) ina tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaireachtaí an Aontais a foilsíodh inniu. Ag an am céanna, tá sé deimhnithe ag eagraíocht maoirseachta airgeadais an Aontais Eorpaigh go raibh coimeád leabhar na ngníomhaireachtaí iontaofa sa mhéid gur chuir sí a séala le cuntais 2021. Chomh maith leis sin, thug na hiniúchóirí pasmhar do gach ceann de na 44 ghníomhaireacht ar an gcaoi a mbailíonn siad ioncam dá gcuid oibríochtaí. Bhí an caiteachas slán do gach gníomhaireacht, seachas ceann amháin, in ainneoin fadhbanna leanúnacha a bheith sa chóras soláthair phoiblí i measc fhormhór na ngníomhaireachtaí.

*“Arís eile bhíomar in ann tuairimí iniúchóireachta dearfacha agus glana ar na cuntais agus ar an ioncam a eisiúint do ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, agus tá an caiteachas sna gníomhaireachtaí, tríd is tríd, chomh maith is ba cheart,”* arsa Rimantas Šadžius, an Comhalta den Chúirt a bhí ag stiúradh na hiniúchóireachta. *“Ach caithfidh na reachtóirí agus na gníomhaireachtaí aird a thabhairt ar an bhfoláireamh atá tugtha againn agus déileáil ar bhealach níos déine leis an mbaol go mbeadh ‘doirse imrothlacha’ ann ionas go seachnófar coinbhleachtaí leasa agus nach ndéanfar dochar dá gclú féin agus do chlú an Aontais Eorpaigh ina iomláine.”*

Is fíorbheag oibleagáid a chuireann na rialacha Eorpacha ar chomhlachtaí an Aontais faireachán a dhéanamh ar a mhéid atá daoine den fhoireann, idir fhostaithe reatha agus iar-fhostaithe, ag comhlíonadh na gceanglas a bhaineann leis an ‘doras imrothlach’. Ar an lámh eile, tá gníomhaireachtaí an Aontais – go háirithe iadsan a bhfuil cumhachtaí rialála acu mar aon le naisc chuig an tionscal – i mbaol ar leith go mbeadh ‘doirse imrothlacha’ i gceist. Tá dhá chúis leis sin: ar an gcéad dul síos, tá siad ag brath ar fhoireann shealadach, agus mar sin tá ráta ard athraithe foirne ann; agus an dara rud, tá samhail rialachais acu ina mbíonn boird bhainistíochta le comhaltaí atá ina gceapacháin ghearrthéarmacha. Is í an fhadhb atá leis sin ná nach cuid d’fhoireann na ngníomhaireachtaí iad na comhaltaí boird, agus mar sin níl feidhm ag rialacha an ‘doras imrothlaigh’ maidir leo. Deir na hiniúchóirí go gcruthaíonn sé seo folús dlíthiúil, arb é an toradh atá air ná nach bhfuil ach codán beag

*Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na Tuarascála bliantúla ar Ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh 2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl.*

*Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag [eca.europa.eu](https://eca.europa.eu).*

## ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi - L-1615 Luxembourg

E: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu)

@EUAuditors

[eca.europa.eu](https://eca.europa.eu)

de na cásanna de ‘dhoras imrothlach’ féideartha ann is féidir a mheasúnú. Thairis sin, níl ach cúpla gníomhaireacht ann a théann níos faide ná na ceanglais dhlíthiúla íosta nuair a bhíonn siad ag déileáil le cásanna de ‘dhoras imrothlach’; agus ní dhéanann a bhformhór faireachán fiú ar a mhéid atá fostaithe reatha nó iarfhostaithe ag comhlíonadh na rialacha, agus tá siad ag brath beagnach go huile agus go hiomlán ar fhéintuairisciú.

Tá fadhbanna rialachais agus coinbhleachtaí leasa i gcás gníomhaireachtaí an Aontais sainaitheanta cheana ag na hiniúcháirí i roinnt dá gcuid tuarascálacha speisialta roimhe seo. Tarraingíonn an tuarascáil seo aird arís eile ar fhadhbanna rialachais ag na gníomhaireachtaí maoirseachta do bhainc, árachais agus margaí airgeadais, rud a fhágann go bhfuil an baol ann gur mó fabhair a bheadh le leasanna náisiúnta seachas leasanna Eorpacha.

Bhí na hiniúcháirí cáinteach arís eile ar an gcaoi a mbíonn na gníomhaireachtaí ag ceannach earraí agus seirbhísí, agus mhol siad dóibh a chinntiú go bhfaigheann siad an luach is fearr ar airgead. Is iad na laigí sa phróiseas soláthair phoiblí atá fós ar cheann de na príomhchúiseanna nach mbíonn na rialacha íocaíochta á gcomhlíonadh ag gníomhaireachtaí, agus tá an líon cásanna de sin ag méadú le blianta beaga anuas. I gcás leath na ngníomhaireachtaí, fuair na hiniúcháirí go raibh conarthaí sínithe acu a raibh easnaimh iontu. Maidir le gníomhaireacht amháin – eu-LISA, a bhainistíonn córais mhórsála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais – thug na hiniúcháirí faoi deara go raibh caiteachas trí earráid le luach €18.1 milliún ann mar gheall ar fhadhbanna a raibh foláireamh tugtha ina leith roimhe seo. Tá foláireamh cárta bhuí eile faighte ag an ngníomhaireacht sin, sa mhéid gur tuairim iniúcháireachta choinníollach atá eisithe i ndáil lena cuid íocaíochtaí agus go n-iarrtar uirthi feabhas a chur ar a próiseas soláthair phoiblí agus ar an gcaoi a ndéanann sí bainistiú ar chonarthaí.

Léiríonn an t-iniúchadh go raibh tionchar ag cogadh na Rúise in aghaidh na hÚcráine ar thrí ghníomhaireacht ar leith. Tá tuilleadh foirne agus airgid iarrtha ag gníomhaireacht tearmainn an Aontais (EUAA) tar éis do thíortha an Aontais a bhfuil teifigh ón Úcráin glactha isteach acu tuilleadh cúnaimh a iarraidh. Bhí gníomhaíochtaí chlár spáis an Aontais (EUSPA) thíos leis mar nach bhféadfaí lainseáilthe Soyuz na Rúise a úsáid a thuilleadh le aghaidh satailítí Galileo. Is í an chonclúid a bhí ag an ngníomhaireacht atá freagrach as bainc atá ag cliseadh a fhoirceannadh (SRB) ná gur mhéadaigh an cogadh na rioscaí creidmheasa i ndáil le neamhchosaint na mbanc i leith a gcontrapháirtithe sa Rúis, sa Bhealarúis agus san Úcráin, agus i ndáil le hiasachtaí a rinneadh le gnólachtaí baile is mó a bhí faoi lé éifeachtaí an chogaidh.

### **Faisnéis chúlra**

Tá tionchar mór ag gníomhaireachtaí an Aontais ar réimsí ríthábhachtacha de ghnáthshaol mhuintir na hEorpa, amhail an tsláinte, an tslándáil agus an ceartas. In 2021, caith siad €13.1 billiún as buiséad an Aontais chun cláir a réachtáil, amhail cláir a thacaíonn leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le taighde. D’fhostaíodar 14 430 duine (17 % d’fhoireann uile an Aontais) agus bhí buiséad iomlán de €4.1 billiún acu (2.5 % de bhuiséad iomlán an Aontais), ach gan SRB a chur san áireamh. Is é Frontex atá i mbarr an liosta, le hos cionn 1 500 duine fostaithe ann agus le buiséad de €500 milliún.

Is éard a chiallaíonn ‘doirse imrothlacha’ i gcomhthéacs an Aontais Eorpaigh ná daoine den fhoireann a fhágann seirbhís shibhialta an Aontais chun post a ghlacadh san earnáil phríobháideach atá bainteach leis an obair a bhí ar siúl acu roimhe sin. Is féidir leis sin coinbhleachtaí leasa a chruthú agus cruthaíonn sé riosca d’ionracas institiúidí an Aontais toisc gur féidir eolas luachmhar ón taobh istigh a bhogadh isteach san earnáil phríobháideach, nó toisc go bhféadfadh iar-oifigigh brústocaireacht a dhéanamh ar a n-iar-chomhghleacaithe nó go bhféadfadh tionchar a bheith ar oifigigh reatha ag an bpost a d’fhéadfaidís a fháil in áit éigin eile.

Tá an tuarascáil bhliantúil iomlán ar ghníomhaireachtaí an Aontais ar fáil ar [shuíomh gréasáin na Cúirte Iníúcháirí](#), mar aon le doiciméad achoimre dar teideal *‘Iniúchadh AE i mbeagán focal – Gníomhaireachtaí an Aontais 2021’*. Inniu, Déardaoin an 27 Deireadh Fómhair, tá comhdháil ar líne dar teideal ‘Bainistíocht fóna airgeadais i nGníomhaireachtaí an Aontais’ á reáchtáil ag na hiniúcháirí, ina mbeifear ag díriú ar choinbhleachtaí leasa a bhaineann le hearcaíocht a bhfuil ‘doras imrothlach’ ag roinnt léi agus fadhbanna sa phróiseas soláthair phoiblí. Beidh an chomhdháil le [feiceáil beo](#) ar YouTube ó 9.30 a.m. go 12.30 p.m.

### Teagmháil don phreas

Preasoifig CIE: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu)

- Damijan Fišer: [damijan.fiser@eca.europa.eu](mailto:damijan.fiser@eca.europa.eu) – Fón póca: (+352) 621 552 224
- Vincent Bourgeais: [vincent.bourgeais@eca.europa.eu](mailto:vincent.bourgeais@eca.europa.eu) – Fón póca: (+352) 691 551 502
- Claudia Spiti: [claudia.spiti@eca.europa.eu](mailto:claudia.spiti@eca.europa.eu) – Fón póca: (+352) 691 553 547